www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
January 2018

# Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
**(Le háireamhán)**
Bonnsraith

*GMT52*

**[GMT52]**
**DÉ CÉADAOIN 10 EANÁIR, 10.45am–11.45am**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí**.
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **15(c)**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

11061.05


www.xtrapapers.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a+b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



www.xtrapapers.com

**1** Tá costas £8 ar phíotsa móide £1.50 ar gach barrán sa bhreis.

£2 an costas ar sheachadadh.

**(a)** Cuireann Evie ordú isteach faoi choinne píotsa le trí bharrán sa bhreis agus é seachadta.

Cad é an costas iomlán?

Freagra £ ________ [2]

**(b)** Bailíonn Jenny a píotsa agus £15.50 an costas atá air.


Cá mhéad barrán sa bhreis atá air?

Freagra ________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**


www.xtrapapers.com

**2** **(a)** Tarraing an líne shiméadrachta i ngach cruth thíos.



[2]

**(b)**




Is méadú ar **A** é **B**.

Cad é fachtóir scála an mhéadaithe?

Freagra ________ [1]

**3** Roghnaítear mí amháin den bhliain go randamach.

Bain úsáid as **focal** le cur síos ar an tseans a tharlódh gach teagmhas thíos.

**(a)** Bealtaine an mhí atá ann. Freagra ______________ [1]

**(b)** Is é N, R nó A litir dheireanach na míosa. Freagra ______________ [1]

**(c)** Tá 32 lá sa mhí. Freagra ______________ [1]

www.xtrapapers.com

**4**

| | |
|---|---|
| A | $3x = 11$ |
| B | $Q = \pi r + d$ |
| C | $3x^2 + 11$ |
| D | $x + 11 < 20$ |

Cé acu ceann thuas, A, B, C nó D

**(a)** ar foirmle é, Freagra _____________ [1]

**(b)** ar slonn é, Freagra _____________ [1]

**(c)** ar cothromóid é? Freagra _____________ [1]

**5** Caitear bonn airgid in airde le Ceann nó Cláirseach a thabhairt.

Rothlaítear rothlóir le críochnú ar Dhearg, Dubh, Buí nó Bán.

Liostaigh na torthaí féideartha uilig.

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**6** Tá Dan ag maisiú a sheomra leapa.

Cheannaigh sé na hábhair seo a leanas.

Críochnaigh an bille atá aige.

| **Ábhair** | **Costas** |
|---|---|
| 12 rolla páipéar balla @ £8.70 an rolla | £ ______ |
| 3 phaicéad de thaos @ £3.25 an paicéad | £ ______ |
| 1 scuab @ £7.25 | £ 7.25 |
| 1 taosbhord @ £15.00 | £ 15.00 |
| Fo-iomlán | £ ______ |
| CBL (*VAT*) @ 20% | £ ______ |
| Iomlán | £ ______ |

[5]

www.xtrapapers.com

**7** **(a)** Ríomh an luach ar $\frac{2a-b}{c}$ nuair atá $a = 5$, $b = 3$ agus $c = 2$

Freagra _______________ [2]

**(b)** Scríobh $y$ mar ábhar na foirmle $3y = \text{P}$

Freagra _______________ [1]

**(c)** Scríobh $b$ mar ábhar na foirmle $T = 2a + b$

Freagra _______________ [1]

**8** Comhlánaigh an tábla.

| CEATHAIRSHLEASÁN | Líon na línte siméadrachta | Ord na siméadrachta rothlaí |
|---|---|---|
| _______________ | 4 | |
| EITLEOG | | |
| COMHTHREOMHARÁN | | |

[6]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**9** Tá costas £6.80 ar uachtar gréine sa RA (*UK*).

Tá costas $8.40 ar an uachtar gréine chéanna in SAM (*USA*).

Is é £1 = $1.35 an ráta malairte.

Cad é an áit is saoire le huachtar gréine a cheannach agus faoi cá mhéad?


Freagra ________________ faoi __________________________ [2]

**10** Oibrigh amach gach áireamh agus an **difríocht** sa luach idir an dá áireamh seo.


**(i)** $\frac{18.72}{8 + 7.6}$ **(ii)** $\frac{18.72}{8} + 7.6$

Freagra **(i)** _________ [1] Freagra **(ii)** _________ [1] Difríocht _________ [1]

**11**




Rothlóir A




Rothlóir B

Rothlaítear gach rothlóir uair amháin.

I gcás gach ráitis **ciorclaigh** fíor nó bréagach.

**(a)** Is dóchúla 1 a fháil ar A ná ar B. Fíor Bréagach [1]


**(b)** Is dóchúla 2 a fháil ar A ná ar B. Fíor Bréagach [1]

**(c)** Tá sé comh dóchúil céanna 3 a fháil ar A agus ar B. Fíor Bréagach [1]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**12**




níl an léaráid
tarraingthe
go beacht


Is é 50.4 $cm^2$ achar an traipéisiam seo.

Cad é luach $x$?

Freagra ____________________ [3]

www.xtrapapers.com

**13** Rothlaigh an cruth 90º ar deiseal thart ar an phointe (0, –2).




[2]

**14** Is é £255 000 an t-airgead duaise do rás.

Tá an t-airgead duaise roinnte idir na chéad 3 a chríochnaíonn sa chóimheas 10 : 5 : 2

Cá mhéad airgid a fhaigheann gach duine acu?

Freagra 1ú Duais £ __________ 2ú Duais £ __________ 3ú Duais £ __________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**15** Caitheann Shea dísle 200 uair.

Déanann sé taifead ar líon na n-uaireanta a fhaigheann sé 5 i ndiaidh 40, 80, 120, 160 agus 200 caitheamh.

Ansin ríomhann sé an mhinicíocht choibhneasta.

| Líon caitheamh | 40 | 80 | 120 | 160 | 200 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon 5anna | 13 | 26 | | 40 | 46 |
| Minicíocht choibhneasta | 0.325 | 0.325 | 0.3 | 0.25 | |

**(a)** Ríomh na luachanna atá ar iarraidh sa tábla. [2]

**(b)** Cad é an meastachán is fearr ar an dóchúlacht le 5 a fháil ar an dísle seo?

Freagra ________ [1]

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**(c)** An measann tú go bhfuil an dísle claonta? Mínigh do fhreagra go soiléir.

Freagra _____________ mar ______________________________________________

______________________________________________________________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.